AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2025
COM(2025) 504 final

2025/0134 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 765/2008, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2023/1230, (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1781 a mhéid a bhaineann le digitiú agus sonraíochtaí coiteanna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2025) 130 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Ina Theachtaireacht maidir le ‘Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’[1], leag an Coimisiún béim ar a thábhachtaí atá córas rialála lena n-áirithítear go mbainfear cuspóirí amach ar an gcostas is ísle. Chuige sin, gheall sé iarracht thiomnaithe a dhéanamh chun ceanglais tuairiscithe agus ualaí riaracháin a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é d’aidhm dheiridh aige na ceanglais sin a laghdú 25 % gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais gaolmhara.

Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le forfheidhmiú ceart na reachtaíochta agus faireachán cuí uirthi a áirithiú. Ar an iomlán, déantar na costais tuairiscithe a fhritháireamh den chuid is mó leis na tairbhí a bhaineann leo, go háirithe a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh príomhbheart beartais agus comhlíonadh na bpríomhbheart sin a áirithiú. Mar sin féin, is féidir le ceanglais tuairiscithe ualach díréireach a chur ar pháirtithe leasmhara, go háirithe FBManna agus micreachuideachtaí. D’fhéadfadh carnadh na gceanglas sin le himeacht ama a bheith ina chúis le hoibleagáidí iomarcacha, dúbailte nó imithe i léig, minicíocht agus uainiú neamhéifeachtúil, nó modhanna bailithe neamhleora.

Cuireann an Coimisiún an prionsabal ‘digiteach mar réamhshocrú’ chun cinn ina Straitéis Dhigiteach/Rialáil níos fearr chun tacú le claochluithe digiteacha, lena n-éascaítear beartais atá réidh don digitiú lena gcuirtear san áireamh saol mearathraitheach an digitithe agus na teicneolaíochta, agus atá digiteach, idir-inoibritheach, slán i bhfad na haimsire agus lúfar mar réamhshocrú. Mar sin féin, tá píosaí éagsúla reachtaíochta de chuid an Aontais fós ann lena ndéantar foráil maidir le húsáid formáid pháipéir.

Cuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht ‘Compás Iomaíochais don Aontas’[2] go bhfuil an digitiú fite fuaite leis an simpliú chun ualaí tuairiscithe a laghdú. Cuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht gur cheart an tuairisciú a aistriú go formáidí digiteacha bunaithe ar shonraí caighdeánaithe. Mar sin féin, i gcás inar ann do nósanna imeachta digiteacha sa lá atá inniu ann, cuireann gnéithe amhail éiceachórais TF ilroinnte, agus malartuithe sonraí neamhéifeachtúla ualach trom ar ghnólachtaí idirghníomhú go digiteach le húdaráis phoiblí.

Leis an tionscnamh maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa atá ar na bacáin, tabharfar aghaidh ar na dúshláin sin trí chéannacht dhigiteach a bhunú do gach oibreoir eacnamaíoch agus tríd an gcreat a sholáthar le haghaidh Tiachóga idir-inoibritheacha le haghaidh Gnó lena gcomhroinnfear sonraí agus dintiúir fhíoraithe, rud a chumasóidh idirghníomhaíochtaí digiteacha gan uaim idir oibreoirí eacnamaíocha agus riaracháin phoiblí ar fud an Aontais. Ar an gcaoi sin, cuirfidh Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa leis na réitigh dhigiteacha atá ann cheana agus a ceapadh chun gníomhaíochtaí laethúla a shimpliú d’oibreoirí eacnamaíocha Eorpacha, amhail an Tairseach Aonair Dhigiteach, an Córas Teicniúil Aonuaire (‘OOTS’), an Pas Táirge Digiteach (‘DPP’), ríomhshonrascadh, agus ar an

[1] COM(2023)168.

[2] COM/2025/30 final.

gcaoi sin éiceachóras comhtháite réiteach digiteach a thógáil lena n-uasmhéadófar sineirgí agus lena gcothófar comhtháthú eacnamaíoch agus nuálaíocht níos fearr ar fud na hEorpa

Dá mbainfí tagairtí d'fhormáid pháipéir, chuirfí iallach ar údaráis phoiblí athmhachnamh a dhéanamh ar na bealaí a bpróiseálann siad aighneachtaí nó tuairisciú ó chuideachtaí. Dá ndéanfaí aighneachtaí agus tuairisciú den sórt sin a chuíchóiriú trí dhigitiú mar réamhshocrú a chur chun cinn, chruthófaí dreasachtaí nua chun infheistíocht a dhéanamh i mbailiú agus i bpróiseáil sonraí trí réitigh ríomhsheirbhísí rialtais a d'fhéadfadh an bealach a réiteach do Mhargadh Aonair saor ó dhoiciméid bunaithe ar shonraí struchtúrtha idir-inoibritheacha agus ar phrionsabal na haonuaire.

Thairis sin, cé nach bhforchuirtear leis an gCreat Reachtach Nua ('NLF') formáid ar leith le haghaidh na dtreoracha úsáide a ghabhann leis na táirgí, is léir ón gcleachtas go bhfuil formhór na n-údarás um fhaireachas margaidh ag súil go mbeidh na treoracha sin i bhformáid pháipéir agus, dá bhrí sin, go bhforchuireann siad an fhormáid sin ar na monaróirí.

Tugtar mínithe mionsonraithe sa Treoirleabhar Gorm[5] ar rialacha an Aontais maidir le táirgí.

Agus é á chur san áireamh go raibh rochtain ag 94 % ar a laghad de theaghlaigh an Aontais ar an idirlíon in 2024[3], tá formáid pháipéir na dtreoracha úsáide a ghabhann le táirgí faoi raon feidhme na Rialachán as dáta agus níl sí ailínithe le teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair, le nósanna tomhaltóirí ná le cuspóirí glasa.

Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí a bheith in ann formáid dhigiteach a roghnú le haghaidh treoracha úsáide. I gcás ina roghnóidh monaróirí treoracha úsáide a sholáthar i bhformáid dhigiteach, ba cheart an fhaisnéis sábháilteachta (lena n-áirítear aon chuid de na treoracha úsáide a mheastar a bheith riachtanach don tsábháilteacht) a sholáthar fós i bhformáid pháipéir chun sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint. Thairis sin, ba cheart d'úsáideoirí deiridh a bheith in ann cóip pháipéir de na treoracha a fháil arna iarraidh sin dóibh – tráth an cheannaigh agus ar feadh tréimhse áirithe ama tar éis an cheannaigh.

Is tosaíochtaí iad oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an digitiú a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don togra seo simpliú a dhéanamh ar thionscnaimh a áirítear sa phríomh-uaillmhian 'Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine', 'Comhaontú Glas don Eoraip' agus 'Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn' i réimse beartais an Mhargaidh Inmheánaigh, na Sábháilteachta Bia agus na Sláinte, a bhfuil tionchar acu ar iliomad earnálacha.

Thairis sin, sainaithníodh sa Teachtaireacht 'Compás Iomaíochais don Aontas' gur gá roghanna malartacha a lorg chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do ghnólachtaí maidir le comhlíonadh rialacha an Aontais i gcásanna nach ann do chaighdeáin chomhchuibhithe, nach bhfuil siad ar fáil, nach leor iad, nó a bhfuil géarghá ann. Tá rogha mhalartach cheana féin i roinnt gníomhartha reachtacha atá ann faoi láthair chun intuarthacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí agus chun a chruthú go gcomhlíontar dlí an Aontais, chun freastal ar chásanna den sórt sin. Is é is cuspóir don togra seo an rogha mhalartach a ailíniú i ngníomhartha reachtacha nach ndéantar foráil leo maidir le haon rogha mhalartach ar chaighdeáin chomhchuibhithe. Tá an rogha mhalartach le cur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach a mhéid a bhaineann le sainmhíniú, éifeacht dhlíthiúil, na coinníollacha faoina bhféadfar an rogha mhalartach sin a ghlacadh agus an nós imeachta um ghlacadh.

[3] Foinse: Staidreamh maidir leis an ngeilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach - teaghlaigh agus daoine aonair - Míniú ar Staidreamh

Tá an tionscnamh maidir le sonraíochtaí coiteanna i gcomhréir go hiomlán leis an ngá dá dtagraítear thuas agus is é is aidhm dó simpliú a dhéanamh ar shaol gnólachtaí nach mór dóibh ceann amháin nó níos mó de na ceanglais sláinte agus sábháilteachta tháirgeshonracha a chomhlíonadh, mar a chumhdaítear i rialacháin earnála a bhaineann úsáid as caighdeáin chomhchuibhithe.

Is é is aidhm don togra oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha a chuíchóiriú agus a dhigitiú i gcás Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh[4], Rialachán (AE) 2016/425 maidir le trealamh cosanta pearsanta[5], Rialachán (AE) 2016/426 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha[6], Rialachán (AE) 2023/1230 maidir le hinnealra[7], Rialachán (AE) 2023/1542 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola[8] agus Rialachán (AE) 2024/1781 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú[9] trí mheascán beart.

Ina theannta sin, is é is aidhm don togra an rogha chúltaca atá ann cheana i leith caighdeáin chomhchuibhithe a ailíniú go haonfhoirmeach i Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh, i Rialachán (AE) 2016/425 maidir le trealamh cosanta pearsanta, agus i Rialachán (AE) 2016/426 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha.

Chun neamhréireachtaí agus ualach breise ar mhonaróirí a sheachaint agus chun comhleanúnachas foriomlán a chruthú idir dlíthe comhchuibhithe maidir le táirgí faoin gCreat Reachtach Nua, is gá foráil a thabhairt isteach lena gceadófar úsáid a bhaint as iompróir sonraí an phas táirge dhigitigh i gcás ina bhfágfaidh píosa reachtaíochta eile lena gcumhdaítear an táirge céanna go mbeidh an pas táirge digiteach sin éigeantach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra mar chuid de phacáiste beart a bhaineann le simpliú. Is céim mhór é i bpróiseas leanúnach chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe atá ann cheana. Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar a n-ábharthacht leanúnach agus iad a

---

4 Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/424/oj).

5 Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/425/oj).

6 Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/426/oj).

7 Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle (IO L 165, 29.6.2023, lch. 1http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1230/oj).

8 Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj).

9 Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

dhéanamh níos éifeachtúla, agus nósanna imeachta rialála á gcuíchóiriú agus ualaí riaracháin á laghdú ar deireadh.

Ní dhéanfaidh an cuíchóiriú a thugtar isteach leis na bearta sin difear do ghnóthú na gcuspóirí sa réimse beartais, ar na cúiseanna seo a leanas:

- Leanfar den fhaisnéis fhíor-riachtanach is gá chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a áirithiú a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha agus d'úsáideoirí deiridh.

- Le héifeachtúlacht mhéadaithe na nósanna imeachta tuairiscithe, éascófar digitiú an tuairiscithe gnólacht le húdarás, laghdófar an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus feabhsófar éifeachtacht fhoriomlán an chreata rialála.

- Leis na bearta, cuirfear chun cinn freisin cur chuige níos comhsheasmhaí agus níos comhchuibhithe maidir le hoibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha i ndlíthe éagsúla an Aontais, rud a laghdóidh mearbhall agus a éascóidh comhlíonadh do ghnólachtaí a oibríonn i réimsí beartais éagsúla.

- Thairis sin, i gcásanna nach bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe ar fáil, glacfar le sonraíochtaí coiteanna, lena n-áiritheofar comhsheasmhacht le forálacha reachtacha atá ann cheana i réimsí beartais earnála áirithe agus lena gcuirfear solúbthacht ar fáil do ghnólachtaí chun comhlíonadh a léiriú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach don fheidhm, go bhfuil sí curtha in oiriúint do riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go n-íoslaghdaíonn sí ualaí agus a cuspóirí á mbaint amach an tráth céanna. Dá bhrí sin, tá an togra seo mar chuid de chlár REFIT arb é is aidhm dó an t-ualach tuairiscithe a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais a laghdú.

Cé go bhfuil oibleagáidí áirithe maidir le ceanglais fíor-riachtanach, ní mór dóibh a bheith chomh héifeachtúil is féidir, forluí a sheachaint, ualaí nach bhfuil gá leo a bhaint agus réitigh dhigiteacha agus idir-inoibritheacha a úsáid a mhéid is féidir.

Leis na tograí atá ann cheana, déantar na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, rud a fhágann go mbeidh baint amach chuspóirí na reachtaíochta níos éifeachtúla agus go mbeidh ualach níos lú ar chuideachtaí agus ar údaráis phoiblí.

I gcásanna nach bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe ar fáil, tá gá le réitigh mhalartacha chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a áirithiú. Ba cheart na roghanna malartacha sin a bheith chomh héifeachtach is féidir, ba cheart castacht nach bhfuil gá léi a íoslaghdú leo agus ba cheart iad a bheith ar fáil laistigh de sprioc-amanna gearra.

Le tabhairt isteach na réiteach malartach sin, déanfar comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a chuíchóiriú, rud a fhágfaidh go mbeidh sí níos éifeachtúla agus go mbeidh ualach níos lú ar chuideachtaí agus ar údaráis phoiblí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na bunúis dlí bhunaidh chun na creataí earnála a ghlacadh, arb é is aidhm don togra seo iad a leasú. Is iad na creataí earnála sin Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh, Rialachán (AE) 2016/425 maidir le trealamh cosanta pearsanta, Rialachán (AE) 2016/426 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha, Rialachán (AE) 2023/1230 maidir le hinnealra, Rialachán (AE) 2023/1542 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, agus Rialachán (AE) 2024/1781 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú agus Rialachán (AE) 765/2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú.

Gné choiteann de na creataí sin is ea go bhfuil siad ailínithe go dlúth, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail ghinearálta agus leis an bhforáil tagartha a leagtar síos sa Chreat Reachtach Nua. Is éard atá sa Chreat Reachtach Nua le haghaidh reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí dhá ghníomh dlí a glacadh in 2008, arb iad sin Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí[10] lena leagtar síos forálacha tagartha chun reachtaíocht an Aontais a tharraingt suas lena gcomhchuibhítear na coinníollacha maidir le táirgí a mhargú, agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú[11], lena leagtar amach prionsabail maidir le marcáil chomhréireachta agus creidiúnaithe comhlachtaí um measúnú comhréireachta.

Tugtar ‘reachtaíocht um chomhchuibhiú táirgí’ ar chreataí earnála an Aontais a leagtar síos leis na Rialacháin thuasluaite. Leagtar síos leo rialacha comhchuibhithe maidir le dearadh, monarú agus measúnú comhréireachta táirgí agus maidir lena gcur ar an margadh. Go bunúsach, leis na creataí earnála sin, tugtar isteach le haghaidh gach earnála/catagóir táirgí faoi seach na ceanglais fhíor-riachtanacha leasa phoiblí ba cheart a chomhlíonadh leis na táirgí agus na nósanna imeachta maidir le conas measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin.

A bhuí leis an gCreat Reachtach Nua, tá forálacha den chineál comhchosúil sa chuid is mó de na píosaí reachtaíochta thuasluaite a ndéanann an togra seo difear dóibh. Tá struchtúr coiteann ag na gníomhartha reachtacha atá i gceist, atá ailínithe leis an gCreat Reachtach Nua, agus tá forálacha iontu atá bunaithe ar an tsamhail chéanna. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha, forálacha maidir le comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoina dtugtar fógra, creidiúnú agus marcáil chomhréireachta, tá siad comhionann nó an-chosúil sna gníomhartha reachtacha sin uile. Éascaíonn an aonfhoirmeacht sin eolas ar na hionstraimí reachtacha éagsúla, go háirithe do ghnólachtaí a mhonaraíonn nó a dháileann táirgí atá faoi réir gníomhartha reachtacha iomadúla de chuid an Aontais. Cuireann comhsheasmhacht na n-eilimintí sin ar a gcumas d’oibreoirí eacnamaíocha dul i ngleic leis an tírdhreach rialála ar bhealach níos éasca, rud a laghdaíonn castacht agus a chuireann

---

[10] Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/768(1)/oj).

[11] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj).

comhlíonadh chun cinn. Mar sin féin, ós rud é gur bunaíodh na samhailfhorálacha in 2008, tháinig gnéithe áirithe de na hoibleagáidí chun bheith iomarcach nó chuaigh siad i léig le himeacht ama, rud a fhágann gur gá athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh chun a n-ábharthacht agus a n-éifeachtacht leanúnach a áirithiú.

Trí na Rialacháin thuasluaite a leasú ar an mbealach atá beartaithe, i.e. oibleagáidí páipéarbhunaithe a bhaint agus aistriú i dtreo coibhéisí digiteacha, rannchuideofar le digitiú an tuairiscithe gnólacht le húdarás, éascófar digitiú oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha, agus feabhsófar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoriomlán an chreata rialála.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Forchuirtear le dlí an Aontais na ceanglais tuairiscithe agus na hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a leasú ach ar leibhéal an Aontais. Tairbheoidh na Ballstáit, cuideachtaí agus tomhaltóirí de bhaint tagairtí d'fhormáid pháipéir agus de dhigitiú an dearbhaithe comhréireachta AE d'oibreoirí eacnamaíocha arb é is ábhar don togra seo.

- **Comhréireacht**

Le cuíchóiriú agus digitiú ceanglas tuairiscithe le haghaidh oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha, simplítear an creat dlíthiúil trí athruithe íosta a thabhairt isteach ar na ceanglais atá ann cheana nach ndéanann difear do shubstaint an chuspóra beartais níos leithne. Dá bhrí sin, tá an togra teoranta do na hathruithe sin is gá chun éifeachtúlacht a áirithiú gan aon cheann d'eilimintí substaintiúla na reachtaíochta lena mbaineann a athrú.

Leis na leasuithe, tugtar isteach athruithe íosta ar na ceanglais atá ann cheana, lena ndírítear go hiomlán ar thagairtí páipéarbhunaithe a bhaint agus ar an dearbhú comhréireachta AE agus treoracha a dhigitiú. Tríd an togra a theorannú do na hathruithe riachtanacha sin, áirithíonn an Coimisiún go bhfuil na leasuithe comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú agus nach gcuireann siad baint amach na spriocanna beartais i mbaol.

Le sonraíochtaí coiteanna mar rogha chúltaca i leith caighdeáin chomhchuibhithe, simplítear an creat dlíthiúil trí chomhsheasmhacht a áirithiú sa mhargadh inmheánach in éagmais caighdeáin chomhchuibhithe a bheith ar fáil. Dá bhrí sin, tá an togra teoranta do na hathruithe sin is gá chun éifeachtúlacht a áirithiú gan aon cheann d'eilimintí substaintiúla na reachtaíochta lena mbaineann a athrú.

Tugtar isteach leis na leasuithe mionathruithe ar an reachtaíocht atá ann cheana, lena ndírítear go hiomlán ar shonraíochtaí coiteanna a ailíniú i reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh. Tríd an togra a theorannú do na hathruithe riachtanacha sin, áirithíonn an Coimisiún go bhfuil na leasuithe comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú agus nach gcuireann siad baint amach na spriocanna beartais i mbaol.

- **An rogha ionstraime**

Is píosaí earnála de reachtaíocht chomhchuibhithe maidir le táirgí iad na rialacháin uile atá le leasú leis an Rialachán seo faoi rialacha an mhargaidh aonair agus tá siad ailínithe leis an gCreat Reachtach Nua. Tá tagairtí d'fhormáid pháipéir iontu uile mar aon le tagairtí do choincheap na gcaighdeán comhchuibhithe agus do thoimhde na comhréireachta.

Leis an Meastóireacht ar an gCreat Reachtach Nua, a foilsíodh i mí na Samhna 2022, léirítear gur éirigh leis an gCreat Reachtach Nua reachtaíocht an Aontais maidir le táirgí a chomhchuibhiú, rud a d'fhág go bhfuil creat níos comhleanúnaí ann lenar laghdaíodh ualaí agus lenar gineadh coigilteas costais do ghnólachtaí agus d'údaráis araon ó bhí 2008 ann. Mar

sin féin, cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht freisin go gcuireann ceanglais an Chreata Reachtaigh Nua atá as dáta, amhail ceanglais maidir le doiciméadacht agus comhfhreagras páipéarbhunaithe, bac ar a chumas coinneáil suas leis an digitiú agus ionchais nua-aimseartha a chomhlíonadh.

Mar chonclúid, is é an omnibus seo an rogha is fearr mar ionstraim dlí i ngeall ar a chumas oiriúnú go héifeachtúil do riachtanais a bheidh ann amach anseo agus leanúint de bheith ábhartha trína fhágáil gur féidir tagairtí atá as dáta, amhail tagairtí d'fhormáidí páipéir, a bhaint.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 14 Aibreán 2025, d'eagraigh an Coimisiún imeacht for-rochtana i gcomhthéacs Thascfhórsa an Fhóraim Thionsclaíoch 1.

Iarradh ar na Ballstáit, ar chomhlachais tionscail, ar mhonaróirí agus ar chomhlachais tomhaltóirí a bheith i láthair agus a dtuairimí a thabhairt maidir le digitiú an tuairiscithe agus oibleagáidí monaróirí. Go sonrach, fiafraíodh díobh, dá gcuirfí an dearbhú comhréireachta agus na treoracha ar fáil i bhfoirm leictreonach, an gcreideann siad go mbreathnófaí air sin mar laghdú ualaigh.

Léiríonn na freagraí a fuarthas le linn an imeachta for-rochtana go bhfuil páirtithe leasmhara i bhfabhar an digitithe den chuid is mó mar chineál laghdaithe ualaigh, agus léirigh tromlach mór na bhfreagróirí gur bealach éifeachtach é an digitiú chun an t-ualach a laghdú. Thairis sin, léirigh tromlach na bhfreagróirí go measann siad gur uirlisí laghdaithe ualaigh iad an dearbhú comhréireachta digiteach agus an rogha foráil a dhéanamh maidir le treoracha digiteacha úsáide. A mhéid a bhaineann le treoracha digiteacha, chuir tromlach na bhfreagróirí in iúl gurbh fhearr leo treoracha digiteacha deonacha (má chinneann an monaróir an rogha sin agus sa chás sin amháin).

An tráth céanna, rinneadh comhairliúchán i scríbhinn tríd an bhfóram céanna chun tuairimí páirtithe leasmhara agus aon sonraí maidir le coigilteas costais a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr an tionscnaimh sin a bhailiú. Léirigh tromlach na bhfreagróirí go bhfuil siad i bhfabhar an digitithe, lena n-áirítear an dearbhú comhréireachta digiteach agus treoracha digiteacha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sainaithníodh na bearta simpliúcháin atá beartaithe tar éis próiseas grinnscrúdaithe inmheánaigh ar oibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana agus bunaithe ar an taithí a fuarthas ón reachtaíocht ghaolmhar a chur chun feidhme. Ós rud é gur céim é sin i bpróiseas an mheasúnaithe leanúnaigh ar cheanglais tuairiscithe a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais, leanfar den ghrinnscrúdú ar ualach den sórt sin agus ar a thionchar ar pháirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le hathruithe teoranta agus spriocdhírithe ar an reachtaíocht d'fhonn ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus sonraíochtaí coiteanna a dhigitiú agus a ailíniú. Tá siad bunaithe ar thaithí a fuarthas ó reachtaíocht a chur chun feidhme. Níl tionchar mór ag na hathruithe ar an mbeartas, ach áirithíonn siad cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, trí shonraíochtaí coiteanna a ailíniú le reachtaíocht sheasta freisin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is togra REFIT é seo arb é is aidhm dó reachtaíocht a shimpliú agus ualaí ar pháirtithe leasmhara a laghdú.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra seo:

– Sonraítear nach mór an dearbhú comhréireachta AE, nó doiciméad comhchosúil, a tharraingt suas i bhfoirm leictreonach agus a chur ar fáil trí sheoladh idirlín nó trí chód meaisín-inléite i gcás inar gá an dearbhú sin a chur i gceangal le táirge;

– Cuirtear 'sonraí teagmhála digiteacha' isteach mar fhaisnéis atá le léiriú ag monaróirí ar na táirgí a chuirtear ar an margadh chun cumarsáid idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis náisiúnta a éascú. Nuair a bheidh an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa ar fáil, d'fhéadfadh an seoladh digiteach a sholáthraíonn sé d'oibreoirí eacnamaíocha a bheith ina 'sonraí teagmhála digiteacha';

– Sonraítear go bhféadfar na treoracha a ghabhann le táirgí a sholáthar i bhfoirm leictreonach cé is moite d'fhaisnéis sábháilteachta ba cheart a sholáthar ar pháipéar nó a mharcáil ar an táirge do thomhaltóirí;

– Oibleagáidí tuairiscithe d'údaráis náisiúnta lena gceanglaítear 'formáid pháipéir nó leictreonach' a leasú go 'foirm leictreonach' amháin;

– Oibleagáid a chur isteach maidir le malartuithe trí mheán leictreonach idir na hoibreoirí eacnamaíocha agus na húdaráis inniúla;

– Foráil a thabhairt isteach maidir le sonraíochtaí coiteanna mar rogha mhalartach ar chaighdeáin chomhchuibhithe;

– Oibleagáid an fhaisnéis atá sa dearbhú comhréireachta AE agus treoracha maidir leis an bpas táirge digiteach a sholáthar i gcás ina mbeidh an táirge faoi réir reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear an pas táirge digiteach sin a úsáid.

2025/0134 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 765/2008, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2023/1230, (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1781 a mhéid a bhaineann le digitiú agus sonraíochtaí coiteanna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir atá beartaithe dóibh agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú.

(2) Ina Theachtaireacht dar teideal ‘*Long-term competitiveness of the EU: ,looking beyond 2030’* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: ag féachaint níos faide chun cinn ná 2030’] [6], tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é d’aidhm aige na hualaí sin a laghdú 25 %, gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais gaolmhara.

(3) Ina Threoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr [2], cuireann an Coimisiún an prionsabal ‘digiteach mar réamhshocrú’ chun cinn chun tacú le claochluithe digiteacha trí bheartais atá réidh don digitiú a éascú lena gcuirtear san áireamh saol mearathraitheach an digitithe agus na teicneolaíochta, agus ar beartais iad atá digiteach, idir-inoibritheach, slán i bhfad na haimsire agus lúfar mar réamhshocrú.

(4) Mar gheall ar thábhacht mhéadaitheach an digitithe maidir le creataí rialála a shimpliú, is gá ceanglais tuairiscithe agus oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha a laghdú agus a nuachóiriú. I gcomhréir leis na hiarrachtaí chun dlús a chur leis an digitiú, tá sé fíor-

[1] IO C , , lch. .

[2] https://commission.europa.eu/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation/better-regulation-guidelines-and-toolbox_ga.

riachtanach tuairisciú ó ghnólacht go húdarás agus oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha a dhigitiú go hiomlán i gcás nach ndéanann siad difear do chosaint ná do shábháilteacht tomhaltóirí. Trí ghlacadh leis an digitiú, ní hamháin go simpleofar nósanna imeachta um chomhlíonadh ach feabhsófar éifeachtúlacht fhoriomlán an chreata rialála freisin, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí agus d'údaráis araon ar deireadh.

(5) Le roinnt gníomhartha dlí earnála de chuid an Aontais, leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis na hoibleagáidí atá ar oibreoirí eacnamaíocha agus táirge á chur ar an margadh nó i mbun seirbhíse acu. Áirítear ar na gníomhartha dlí sin Rialacháin (AE) 2016/424[3], (AE) 2016/425[4], (AE) 2016/426[5], (AE) 2023/1230[6], (AE) 2023/1542[7] agus (AE) 2024/1781[8] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (na 'Rialacháin lena mbaineann'). Tá na Rialacháin lena mbaineann bunaithe ar phrionsabail an 'chur chuige nua' i leith comhchuibhiú teicniúil agus tá siad ailínithe leis na forálacha tagartha a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(6) I gcomhréir leis na Rialacháin lena mbaineann, tá monaróirí le dearbhú comhréireachta AE a tharraingt suas ina luafar gur léiríodh gur comhlíonadh na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sna Rialacháin is infheidhme. Chun próisis leictreonacha rianúil a chumasú, níor cheart an dearbhú comhréireachta AE a tharraingt suas ach amháin i bhfoirm leictreonach.

(7) Thairis sin, ceanglaítear le Rialacháin (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, agus (AE) 2023/1230 go ngabhfaidh cóip den dearbhú comhréireachta leis an táirge. I bhfianaise éabhlóid an digitithe, tá sé fíor-riachtanach an oibleagáid sin a nuachóiriú trína cheangal go ngabhfaidh an dearbhú comhréireachta AE sin leis an táirge go leictreonach. Áiritheoidh an monaróir go mbeidh an dearbhú comhréireachta AE inrochtana trí sheoladh idirlín nó trí chód meaisín-inléite.

---

3 Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/424/oj).

4 Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/425/oj).

5 Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/426/oj).

6 Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena leasaítear Treoir (AE) 2021/647 (IO L 165, 29.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1230/oj).

7 Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj).

8 Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

9 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/768(1)/oj).

(8) Agus é á chur san áireamh go raibh rochtain ag 94 % ar a laghad de theaghlaigh an Aontais ar an idirlíon in 2024[10], tá formáid pháipéir na dtreoracha a ghabhann le táirgí faoi raon feidhme na Rialachán as dáta agus níl sí ailínithe le teicneolaíochtaí atá ann faoi láthair, le nósanna tomhaltóirí ná le cuspóirí glasa. Dá bhrí sin, ba cheart an fhéidearthacht go gcuirfí na treoracha ar fáil i bhformáid leictreonach a thabhairt isteach sna Rialacháin lena mbaineann. Leis sin, beidh monaróirí in ann treoracha a sholáthar i bhformáid dhigiteach, más mian leo déanamh amhlaidh. I gcás ina roghnóidh monaróirí treoracha a sholáthar i bhformáid dhigiteach, chun sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, ba cheart an fhaisnéis sábháilteachta, lena n-áirítear treoracha a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht táirgí, a sholáthar fós i bhformáid pháipéir nó a mharcáil ar an táirge. Thairis sin, ba cheart d'úsáideoirí deiridh a bheith in ann cóip pháipéir de na treoracha úsáide nó den fhaisnéis sábháilteachta a fháil, arna iarraidh sin dóibh – tráth an cheannaigh agus ar feadh tréimhse áirithe ama tar éis an cheannaigh.

(9) Chun cumarsáid idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis inniúla náisiúnta agus úsáideoirí deiridh a éascú, is gá a léiriú go bhfuil sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra ar an táirge agus sa dearbhú comhréireachta AE chun éifeachtacht an fhaireachais margaidh a fheabhsú agus chun dlús a chur leis an bpróiseas chun táirgí neamhchomhlíontacha a rianú. Faoi láthair, ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha a seoladh poist a shonrú ar an táirge, ach ní leor é sin i gcónaí chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis inniúla teagmháil thapa a dhéanamh. Is gá, dá bhrí sin, a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha araon a sholáthar ar an táirge agus sa dearbhú comhréireachta AE. Ba cheart na sonraí teagmhála digiteacha sin a shainiú sna Rialacháin lena mbaineann.

(10) Ceanglaítear leis na Rialacháin lena mbaineann go soláthróidh oibreoirí eacnamaíocha, ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun a léiriú go bhfuil na táirgí lena mbaineann comhréireach leis na Rialacháin faoi seach, i bhfoirm pháipéir nó leictreonach. Is ceanglas as dáta í an fhoirm pháipéarbhunaithe, agus cuireann cumarsáid leictreonach feabhas ar an idirghníomhaíocht idir údaráis agus gnólachtaí agus déanann sí próisis a chuíchóiriú agus ualaí riaracháin a laghdú. Chun digitiú ceanglas tuairiscithe a bhaint amach agus chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar údaráis inniúla a laghdú, ba cheart a cheangal ar na hoibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis agus an doiciméadacht is gá a sholáthar i bhfoirm leictreonach amháin. D'fhéadfaí doiciméadacht a sholáthraítear i bhfoirm leictreonach a chur ar fáil, mar shampla, i bhformáid dhigiteach inphriontáilte, lenar féidir an doiciméadacht a phriontáil, a íoslódáil agus a shábháil ar fheiste leictreonach.

(11) Is é atá i gcreat reatha an Aontais um chaighdeánú, atá bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], an creat, mar réamhshocrú, chun caighdeáin a mhionsaothrú lena ndéantar foráil maidir le tabhairt le

---

[10] Foinse: Staidreamh maidir leis an ngeilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach - teaghlaigh agus daoine aonair - Míniú ar Staidreamh.

[11] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj).

fios go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ábhartha nó le ceanglais eile. Mar sin féin, i gcás nach ann do chaighdeáin chomhchuibhithe nó i gcás nach leor iad, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna le haghaidh na gceanglas fíor-riachtanach sláinte agus sábháilteachta nó le haghaidh ceanglais eile, mar réiteach cúltaca eisceachtúil chun éascaíocht a dhéanamh d'oibleagáid an mhonaróra na ceanglais sláinte agus sábháilteachta sin nó ceanglais eile a chomhlíonadh.

(12) Ós rud é go ndéanfar foráil maidir leis an bpas táirge digiteach i reachtaíocht áirithe de chuid an Aontais, amhail Rialachán (AE) 2023/1542, tá sé fíor-riachtanach a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis atá sa dearbhú comhréireachta AE agus treoracha a stóráil sa phas táirge digiteach i gcás ina gcumhdófar táirge le píosaí iomadúla reachtaíochta. Laghdódh an cur chuige sin an t-ualach riaracháin ar mhonaróirí, toisc nach mbeadh orthu suíomhanna stórála ar leithligh a choinneáil a thuilleadh le haghaidh doiciméid chomhlíontachta. Trí na doiciméid a stóráil in aon áit amháin, bheadh rochtain éasca ar na doiciméid uile is gá a léiríonn comhlíonadh táirgí, rud a d'áiritheodh trédhearcacht agus a d'éascódh comhlíonadh. D'fheabhsódh an cur chuige cuíchóirithe sin éifeachtúlacht fhoriomlán an chreata rialála, agus tá sé ag teacht leis an bprionsabal, i gcás ina mbeidh roinnt píosaí reachtaíochta comhchuibhithe an Aontais infheidhme maidir le táirge, gur cheart don mhonaróir nó d'oibreoir eacnamaíoch eile, i gcás inarb iomchuí, dearbhú comhréireachta AE amháin a sholáthar.

(13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, óir leasaítear leis an Rialachán seo Rialacháin a chomhchuibhíonn píosaí reachtaíochta táirgí, agus ós fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais de bharr comhchuibhiú rialacha infheidhme an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(14) Chun aistriú rianúil agus éifeachtach a áirithiú, chun suaitheadh a íoslaghdú, agus chun tréimhse ama réasúnta a sholáthar do thionscail chun oiriúnú do na ceanglais nua ba cheart leasuithe ar Rialacháin (AE) 765/2008, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2019/1009, (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1781 a bhaineann leis an digitiú a chur siar. Ba cheart feidhm a bheith ag leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1230 ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

(15) Chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha stoc táirgí a cuireadh ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm na leasuithe ar Rialacháin (AE) 765/2008, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2019/1009, (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1781 a bhaineann le digitiú a sholáthar, is gá foráil a dhéanamh maidir le socruithe idirthréimhseacha réasúnta nach gcuireann bac ar tháirgí a chur ar fáil ar an margadh, ar táirgí iad a cuireadh ar an margadh i gcomhréir leis na Rialacháin sin sa leagan is infheidhme díobh roimh an dáta sin.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 765/2008 (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2019/1009, (AE) 2023/1230, (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1781 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 765/2008

Leasaítear Rialachán (AE) 765/2008 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach pointe (9a) seo a leanas:

‘(9a) ciallaíonn ‘sonraíocht choiteann’ tacar ceanglas teicniúil, seachas caighdeán, lena soláthraítear modh chun na hoibleagáidí dlíthiúla is infheidhme maidir le táirge, feiste, seirbhís, próiseas nó córas a chomhlíonadh;’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 10:

‘10. ciallóidh ‘creidiúnú’ fianú ó chomhlacht creidiúnaithe náisiúnta go gcomhlíonann comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos le caighdeáin chomhchuibhithe nó le sonraíochtaí coiteanna chun gníomhaíocht measúnaithe chomhréireachta shonrach a chur i gcrích agus, i gcás inarb infheidhme, aon cheanglas breise, lena n-áirítear ceanglais a leagtar amach i scéimeanna ábhartha earnálacha;

(2) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Trí mheastóireacht phiara gheofar amach an bhfuil na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 8, ag cur na gcaighdeán comhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 11 san áireamh.

(3) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Glacfar leis go ndéanann comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta lena léirítear comhréireacht leis na critéir a leagtar síos sa chaighdeán comhchuibhithe ábhartha ar foilsíodh tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó leis na critéir a leagtar síos sna sonraíochtaí coiteanna trí mheastóireacht phiara a dhéanamh go rathúil orthu faoi Airteagal 10, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8 a chomhlíonadh.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/424

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/424 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach pointe (17a) seo a leanas:

‘(17a) ciallaíonn ‘sonraí teagmhála digiteacha’ aon bhealach cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir dul i dteagmháil nó i rannpháirtíocht le hoibreoirí eacnamaíocha gan gá le clárú nó le feidhmchlár a íoslódáil;’;

(b) cuirtear isteach pointe (19a) seo a leanas:

‘(19a) ciallaíonn ‘sonraíochtaí coiteanna’ tacar ceanglas teicniúil, seachas caighdeán, lena soláthraítear modh chun na ceanglais fhíor-riachtanacha is infheidhme maidir le táirge, feiste, seirbhís, próiseas nó córas a chomhlíonadh;’;

(2) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás ina bhfuil sé léirithe tríd an nós imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír go gcomhlíonann fochóras nó comhpháirt sábháilteachta na ceanglais infheidhme, dréachtóidh monaróirí dearbhú comhréireachta AE, i bhfoirm leictreonach, agus greamóidh siad marcáil CE den táirge.’;

(b) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Cuirfear san áireamh go leormhaith athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe fochórais nó comhpháirte sábháilteachta agus athruithe sna caighdeáin chomhchuibhithe nó sna sonraíochtaí coiteanna nó i sonraíochtaí teicniúla eile a ndéantar comhréireacht an fhochórais nó na comhpháirte sábháilteachta a dhearbhú trí thagairt a dhéanamh dóibh.’;

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte agus an dara habairt:

‘Sonróidh monaróirí ar an bhfochóras nó ar an gcomhpháirt sábháilteachta a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an bhfochóras nó leis an gcomhpháirt sábháilteachta. Sonrófar leis an seoladh poist agus na sonraí teagmhála digiteacha pointe aonair trínar féidir teagmháil a dhéanamh leis an monaróir.’;

(d) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE agus na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an bhfochóras nó leis an gcomhpháirt sábháilteachta, i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh a thuiscint go héasca, de réir mar a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann. Féadfar na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta a sholáthar i bhfoirm leictreonach. Beidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta den sórt sin soiléir, intuigthe agus intuisceana.

Cuirfidh an monaróir an úsáid atá beartaithe don táirge agus úsáideoir deiridh intuartha an táirge san áireamh agus formáid shonrach na dtreoracha agus na faisnéise sábháilteachta á cinneadh aige. Agus an fhaisnéis sábháilteachta á tarraingt suas, cuirfidh na monaróirí san áireamh an úsáid atá beartaithe don táirge agus an mhí-úsáid intuartha ag an úsáideoir deiridh, chomh maith leis an ról atá ag na treoracha chun an tsábháilteacht a áirithiú.

Mar sin féin, i gcás ina seachadfar líon mór fochóras nó comhpháirteanna sábháilteachta chuig oibreoir eacnamaíoch nó úsáideoir deiridh aonair, féadfaidh seoladh idirlín nó cód meaisín-inléite aonair trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE a bheith ag gabháil leis an mbaisc nó leis an gcoinsíneacht lena mbaineann.

I gcás ina soláthrófar na treoracha dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfoirm leictreonach, déanfaidh an monaróir an méid seo a leanas:

(a) marcáil ar an bhfochóras nó ar an gcomhpháirt sábháilteachta, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge, conas rochtain a fháil orthu agus conas iad a iarraidh i bhformáid pháipéir;

(b) iad a chur i láthair i bhformáid a fhágann gur féidir leis an úsáideoir deiridh na treoracha a phriontáil agus a íoslódáil agus iad a shábháil ar fheiste leictreonach ionas go mbeidh an t-úsáideoir deiridh in ann rochtain a fháil orthu i gcónaí, go háirithe i gcás ina gclisfidh ar an bhfochóras nó ar an gcomhpháirt sábháilteachta; tá feidhm ag an gceanglas sin freisin i gcás

ina mbeidh na treoracha leabaithe i mbogearraí an fhochórais nó na comhpháirte sábháilteachta;

(c) iad a chur ar fáil ar líne le linn shaolré ionchasach an fhochórais nó na comhpháirte sábháilteachta agus ar feadh 30 bliain ar a laghad tar éis an fochóras nó an chomhpháirt sábháilteachta a chur ar an margadh.

Mar sin féin, féadfaidh an t-úsáideoir deiridh, tráth a cheannaítear an táirge, nó suas le 6 mhí tar éis an táirge a cheannach, na treoracha nó an fhaisnéis sábháilteachta a iarraidh i bhformáid pháipéir. I gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir deiridh na treoracha nó an fhaisnéis sábháilteachta sin, soláthróidh an monaróir don úsáideoir deiridh iad, saor in aisce, laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.';

(e) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 9:

'9. Déanfaidh na monaróirí, de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an fhochórais nó na comhpháirte sábháilteachta leis an Rialachán a léiriú, a sholáthar don údarás sin, i bhfoirm leictreonach, i dteanga is féidir leis a thuiscint go héasca. Oibreoidh na hallmhaireoirí i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le fochórais nó le comhpháirteanna sábháilteachta atá curtha ar an margadh acu.';

(3) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhlíonadh an fhochórais nó na comhpháirte sábháilteachta a léiriú a sholáthar don údarás sin i bhfoirm leictreonach;';

(4) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) i mír 2, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

Áiritheoidh siad go mbeidh an doiciméadacht theicniúil tarraingthe suas ag an monaróir, go mbeidh marcáil chomhréireachta ar an bhfochóras nó ar an gcomhpháirt sábháilteachta agus go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite, trínar féidir rochtain a fháil ar an gcóip de dhearbhú comhréireachta AE agus go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta, agus i gcás inarb iomchuí, na doiciméid eile a éilítear, ag gabháil leis, agus gur chomhlíon an monaróir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(5) agus (6) faoi seach.

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte sa chéad fhomhír:

'Sonróidh allmhaireoirí ar an bhfochóras nó ar an gcomhpháirt sábháilteachta a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an bhfochóras nó leis an gcomhpháirt sábháilteachta.';

(c) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 9:

'9. De thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, déanfaidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhlíonadh an fhochórais nó na comhpháirte sábháilteachta a léiriú a sholáthar don údarás sin, i bhfoirm leictreonach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Oibreoidh na hallmhaireoirí i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le gníomhaíocht ar bith a dhéanfar chun na rioscaí a bhaineann le fochórais nó le comhpháirteanna sábháilteachta atá curtha ar an margadh acu a dhíothú.';

(5) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Sula gcuirfidh siad fochóras nó comhpháirt sábháilteachta ar an margadh, fíoróidh dáileoirí go mbeidh marcáil chomhréireachta ar an bhfochóras nó ar an gcomhpháirt sábháilteachta agus go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisin-inléite, trínar féidir rochtain a fháil ar an gcóip de dhearbhú comhréireachta AE agus go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta, agus i gcás inarb iomchuí, na doiciméid eile a éilítear, ag gabháil leis, i dteanga is féidir le húsáideoirí deiridh a thuiscint go héasca de réir mar a chinnfidh an Ballstát lena mbainfidh, ag gabháil leis an bhfochóras nó leis an gcomhpháirt sábháilteachta, agus gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(5) agus (6) agus in Airteagal 13(3) faoi seach.’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Soláthróidh dáileoirí, de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhlíonadh fochórais nó comhpháirte sábháilteachta a léiriú, i bhfoirm leictreonach, don údarás sin. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfar chun na rioscaí a bhaineann le fochórais agus le comhpháirteanna sábháilteachta atá curtha ar an margadh acu a dhíothú.’;

(6) cuirtear isteach Airteagal 17a seo a leanas:

‘Airteagal 17a

Sonraíochtaí Coiteanna

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh lena gcumasófar comhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn II in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nach gcumhdaítear na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(b) go gcumhdaítear na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II leis na caighdeáin chomhchuibhithe, nó le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach go bhfágann cur i bhfeidhm na gcaighdeán sin nó codanna díobh nach gcomhlíonann táirge na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II; nó

(c) i gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá aghaidh a thabhairt ar ábhar imní práinneach maidir le fochórais agus comhpháirteanna sábháilteachta neamhchomhlíontacha.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

2. Glacfar leis go bhfuil fochórais agus comhpháirteanna sábháilteachta atá i gcomhréir le sonraíochtaí coiteanna nó le codanna díobh i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a chumhdaítear leis na sonraíochtaí sin nó le codanna díobh, a leagtar amach in Iarscríbhinn II.’;

(7) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfar taifid agus comhfhreagras a bhaineann leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a dhréachtú, i bhfoirm leictreonach, i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit

ina bhfuil an comhlacht faoina dtugtar fógra atá i mbun na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 2 bunaithe nó i dteanga lena nglacann an comhlacht sin. Déanfaidh an monaróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhaineann le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a sholáthar i bhfoirm leictreonach don chomhlacht faoina dtugtar fógra a dhéanann an nós imeachta um measúnú comhréireachta.';

(8) in Airteagal 19, cuirtear mír 5 seo a leanas leis:

'5. I gcás ina gceanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le fochóras nó comhpháirt sábháilteachta an fhaisnéis go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht sin a áireamh i bpas táirge digiteach nó an dearbhú comhréireachta AE nó treoracha a uaslódáil i bpas táirge digiteach, ní dhéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear le hIarscríbhinn IX a áireamh sa dearbhú comhréireachta AE agus dá dtagraítear in Airteagal 11(7) a sholáthar ach amháin sa phas táirge digiteach sin.';

(9) in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7, pointe c:

'(c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais fhíor-riachtanacha sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna is infheidhme agus ar fhorálacha ábhartha eile de reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais agus den reachtaíocht náisiúnta;

(10) in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina bhfionnfaidh comhlacht faoina dtugtar fógra nach bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II nó i gcaighdeáin chomhchuibhithe chomhfhreagracha nó i sonraíochtaí coiteanna nó i sonraíochtaí teicniúla eile á gcomhlíonadh ag monaróir, ceanglóidh sé ar an monaróir sin bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus ní eiseoidh sé deimhniú ná cinneadh maidir le ceadú.';

(11) in Airteagal 43(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) níl an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE ag gabháil leis an bhfochóras nó leis an gcomhpháirt sábháilteachta;'.

(12) Leasaítear Iarscríbhinní III go IX i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/425

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/425 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach pointe (8a) seo a leanas:

'(8a) ciallaíonn 'sonraí teagmhála digiteacha' aon bhealach cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir dul i dteagmháil nó i rannpháirtíocht le hoibreoirí eacnamaíocha gan gá le clárú nó le feidhmchlár a íoslódáil;';

(b) cuirtear isteach pointe (10a) seo a leanas:

'(10a) ciallaíonn 'sonraíochtaí coiteanna' tacar ceanglas teicniúil, seachas caighdeán, lena soláthraítear modh chun na ceanglais fhíor-riachtanacha is infheidhme maidir le táirge, feiste, seirbhís, próiseas nó córas a chomhlíonadh;';

(2) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

I gcás ina bhfuil sé léirithe ag an nós imeachta nó na nósanna imeachta iomchuí go bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme á gcomhlíonadh ag TCP, déanfaidh monaróirí an dearbhú comhréireachta de chuid AE dá dtagraítear in Airteagal 15 a tharraingt suas, i bhfoirm leictreonach, agus marcáil chomhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 16 a ghreamú de.

(b) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Déanfar athruithe ar dhearadh nó ar saintréithe an TCP agus athruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó ar na sonraíochtaí coiteanna nó ar shonraíochtaí teicniúla eile ar trína mbíthin a dhearbhaítear comhréireacht an TCP a chur san áireamh go leormhaith.’;

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte agus an dara habairt:

‘Sonróidh monaróirí, ar an TCP, a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an TCP. Sonrófar leis an seoladh poist agus na sonraí teagmhála digiteacha pointe aonair trínar féidir teagmháil a dhéanamh leis an monaróir.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7 agus 8:

‘7. Áiritheoidh monaróirí go bhfuil ag gabháil leis an TCP na treoracha agus an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 1.4 d’Iarscríbhinn II agus iad i dteanga is féidir le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca, arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann. Féadfar na treoracha agus an fhaisnéis a sholáthar i bhfoirm leictreonach.Beidh treoracha agus faisnéis den sórt sin, mar aon le haon lipéadú, soiléir, intuigthe, intuisceana agus inléite.

Cuirfidh an monaróir an úsáid atá beartaithe don TCP agus a úsáideoir deiridh intuartha san áireamh agus formáid shonrach na dtreoracha agus na faisnéise a leagtar amach i bpointe 1.4 d’Iarscríbhinn II á cinneadh aige.

I gcás TCP atá ceaptha le haghaidh tomhaltóirí nó ar féidir le tomhaltóirí é a úsáid, faoi dhálaí atá measartha intuartha, fiú mura bhfuil sé ceaptha lena n-aghaidh, déanfaidh an monaróir na treoracha agus an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 1.4 d’Iarscríbhinn II a sholáthar i bhformáid pháipéir nó a chur ar an bpacáistíocht ar bhealach infheicthe. Beidh an fhaisnéis sin sofheicthe agus soléite ag tomhaltóirí.

Agus na treoracha agus an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 1.4 d’Iarscríbhinn II á ndréachtú ag na monaróirí, cuirfidh siad san áireamh an úsáid atá beartaithe don TCP agus an mhí-úsáid intuartha ag an úsáideoir deiridh.

I gcás ina soláthrófar na treoracha, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i bhfoirm leictreonach, déanfaidh an monaróir an méid seo a leanas:

(a) marcáil ar an TCP, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis, conas iad a rochtain agus conas iad a iarraidh i bhformáid pháipéir;

(b) iad a chur i láthair i bhformáid a fhágann gur féidir leis an úsáideoir deiridh na treoracha a phriontáil agus a íoslódáil agus iad a shábháil ar fheiste leictreonach ionas go mbeidh an t-úsáideoir deiridh in ann rochtain a fháil orthu i gcónaí, go háirithe i gcás ina gclisfidh ar an TCP; tá feidhm ag an gceanglas sin freisin i gcás ina mbeidh na treoracha leabaithe i mbogearraí an TCP;

(c) iad a chur ar fáil ar líne le linn shaolré ionchasach an TCP agus ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis an TCP a chur ar an margadh.

Mar sin féin, féadfaidh an t-úsáideoir deiridh, tráth a cheannaítear an TCP, nó suas le 6 mhí tar éis an cheannaigh sin, na treoracha agus an fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 1.4 d'Iarscríbhinn II a iarraidh i bhformáid pháipéir. I gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir deiridh na treoracha agus an fhaisnéis sin a leagtar amach i bpointe 1.4 d'Iarscríbhinn II, soláthróidh an monaróir don úsáideoir deiridh iad, saor in aisce, laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.

8. Déanfaidh an monaróir an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE a sholáthar in éineacht leis an TCP.';

(e) i mír 10, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, déanfaidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun a léiriú go bhfuil an TCP i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.';

(3) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) tar éis dó iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an TCP a léiriú a chur ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach;';

(4) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

'Sonróidh allmhaireoirí, ar an TCP, a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha trína féidir dul i dteagmháil leo nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an TCP.';

(b) i mír 9, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

'Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an TCP a léiriú ar fáil dó, i bhfoirm leictreonach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.';

(5) in Airteagal 11(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Déanfaidh dáileoirí, tar éis dóibh iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach, chun comhréireacht an TCP a léiriú.';

(6) cuirtear isteach Airteagal 14a seo a leanas:

'Airteagal 14a

Sonraíochtaí Coiteanna

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh lena gcumasófar comhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn II in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nach gcumhdaítear na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(b) go gcumhdaítear na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II leis na caighdeáin chomhchuibhithe, nó le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach go bhfágann cur i bhfeidhm na gcaighdeán sin nó codanna díobh nach gcomhlíonann TCP na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II, nó

(c) i gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá aghaidh a thabhairt ar ábhar imní práinneach maidir le TCP neamhchomhlíontach.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 44(2).

2. Glacfar leis go bhfuil TCP atá i gcomhréir le sonraíochtaí coiteanna nó le codanna díobh i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a chumhdaítear leis na sonraíochtaí sin nó le codanna díobh, a leagtar amach in Iarscríbhinn II.';

(7) in Airteagal 15, cuirtear mír 5 seo a leanas leis:

'5. I gcás ina gceanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an TCP an fhaisnéis go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht sin a áireamh i bpas táirge digiteach nó an dearbhú comhréireachta AE nó treoracha a uaslódáil i bpas táirge digiteach, ní dhéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear le hIarscríbhinn IX a áireamh sa dearbhú comhréireachta AE agus dá dtagraítear in Airteagal 8(7) a sholáthar ach amháin sa phas táirge digiteach sin.';

(8) in Airteagal 19, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'I gcás inarb infheidhme, déanfaidh an monaróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhaineann le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a sholáthar i bhfoirm leictreonach don chomhlacht faoina dtugtar fógra a dhéanann an nós imeachta um measúnú comhréireachta.';

(9) in Airteagal 24(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna is infheidhme agus ar fhorálacha ábhartha eile de reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais agus den reachtaíocht náisiúnta;';

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

'I gcás ina léiríonn comhlacht um measúnú comhréireachta go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sna sonraíochtaí coiteanna, nó i gcodanna díobh, agus ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go mbeidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 24 á gcomhlíonadh aige a mhéid a chumhdaítear na ceanglais seo leis na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme.';

(11) In Airteagal 32, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina bhfionnann comhlacht faoina dtugtar fógra nach bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II ná na caighdeáin chomhchuibhithe chomhfhreagracha ná na sonraíochtaí coiteanna ná na sonraíochtaí teicniúla eile comhlíonta ag an monaróir, ceanglóidh sé ar an monaróir na bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus ní eiseoidh sé deimhniú ná cinneadh maidir le ceadú.'

(12) Leasaítear Iarscríbhinní II, III, V, VII, VIII agus IX i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/426

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/426 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach pointe (21a) seo a leanas:

‘(21a) ciallaíonn ‘sonraí teagmhála digiteacha’ aon bhealach cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir dul i dteagmháil nó i rannpháirtíocht le hoibreoirí eacnamaíocha gan gá le clárú nó le feidhmchlár a íoslódáil;’;

(b) cuirtear isteach pointe (23a) seo a leanas:

‘(23a) ciallaíonn ‘sonraíochtaí coiteanna’ tacar ceanglas teicniúil, seachas caighdeán, lena soláthraítear modh chun na ceanglais fhíor-riachtanacha is infheidhme maidir le táirge, feiste, seirbhís, próiseas nó córas a chomhlíonadh;’;

(2) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás ina bhfuil sé léirithe ag an nós imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír go bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh ag fearas nó ag feisteas, déanfaidh monaróirí dearbhú comhréireachta de chuid AE a tharraingt suas agus marcáil chomhréireachta a ghreamú de.’;

(b) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Déanfar athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe fearais nó feistis agus athruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó ar na sonraíochtaí coiteanna nó ar shonraíochtaí teicniúla eile ar trína mbíthin a dhearbhaítear comhréireacht an fhearais nó an fheistis a chur san áireamh go leormhaith.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

‘6. Sonróidh monaróirí ar an bhfearas a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an bhfearas. Sonrófar leis an seoladh poist agus na sonraí teagmhála digiteacha pointe aonair trínar féidir teagmháil a dhéanamh leis an monaróir. Beidh na sonraí teagmhála i dteanga is féidir le tomhaltóirí agus le húsáideoirí deiridh eile agus leis na húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca.

Sonróidh monaróirí ar an bhfeisteas a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an bhfeisteas. Sonrófar leis an seoladh poist agus na sonraí teagmhála digiteacha pointe aonair trínar féidir teagmháil a dhéanamh leis an monaróir. Beidh na sonraí i dteanga is féidir le monaróirí fearas agus leis na húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca.7. Áiritheoidh allmhaireoirí go bhfuil treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an bhfearas i gcomhréir le pointe 1.5 d’Iarscríbhinn I, i dteanga is féidir leis na tomhaltóirí agus na húsáideoirí deiridh eile a thuiscint go héasca, teanga arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann. Féadfar na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta a sholáthar i bhfoirm leictreonach. Beidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta den sórt sin, chomh maith le haon lipéadú, soiléir, sothuigthe agus inléite.

Cuirfidh monaróirí san áireamh an úsáid atá beartaithe don táirge agus a úsáideoir deiridh intuartha agus formáid shonrach na dtreoracha agus na faisnéise sábháilteachta á cinneadh acu.

I gcás fearas nó feisteas atá ceaptha le haghaidh tomhaltóirí nó ar féidir le tomhaltóirí é a úsáid, faoi dhálaí atá measartha intuartha, fiú mura bhfuil sé ceaptha lena n-aghaidh, soláthróidh an monaróir an fhaisnéis sábháilteachta i bhformáid pháipéir nó marcálfaidh siad ar an trealamh í. Beidh an fhaisnéis sábháilteachta sin sofheicthe agus soléite ag tomhaltóirí.

Agus an fhaisnéis sábháilteachta á tarraingt suas, cuirfidh na monaróirí san áireamh an úsáid atá beartaithe don táirge agus an mhí-úsáid intuartha ag an úsáideoir deiridh, chomh maith leis an ról atá ag na treoracha chun an tsábháilteacht a áirithiú.

Áiritheoidh monaróirí go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE agus na treoracha maidir le corprú nó cóimeáil, coigeartú, oibriú agus cothabháil i gcomhréir le pointe 1.7 d'Iarscríbhinn I ag gabháil leis an bhfeisteas i dteanga is féidir le monaróirí fearas a thuiscint go héasca, teanga arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann. Féadfar na treoracha a sholáthar i bhfoirm leictreonach.

Mar sin féin, i gcás ina seachadfar líon mór feisteas chuig úsáideoir deiridh aonair, féadfaidh seoladh idirlín nó cód meaisín-inléite aonair trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE a bheith ag gabháil leis an mbaisc nó leis an gcoinsíneacht lena mbaineann.

I gcás ina soláthrófar na treoracha, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i bhfoirm leictreonach, déanfaidh an monaróir an méid seo a leanas:

(a) marcáil ar an bhfearas nó ar an bhfeisteas, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis, conas iad a rochtain agus conas iad a iarraidh i bhformáid pháipéir;

(b) iad a chur i láthair i bhformáid a fhágann gur féidir leis an úsáideoir deiridh na treoracha a phriontáil agus a íoslódáil agus iad a shábháil ar fheiste leictreonach ionas go mbeidh an t-úsáideoir deiridh in ann rochtain a fháil orthu i gcónaí, go háirithe i gcás ina gclisfidh ar an bhfearas nó ar an bhfeisteas;

(c) iad a dhéanamh inrochtana ar líne le linn shaolré ionchasach an fhearais nó an fheistis agus ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis an fearas nó an feisteas a chur ar an margadh.

Mar sin féin, féadfaidh an t-úsáideoir deiridh, tráth a cheannaítear an fearas nó an feisteas, nó suas le 6 mhí tar éis an cheannaigh sin, na treoracha nó an fhaisnéis sábháilteachta a iarraidh i bhformáid pháipéir. I gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir deiridh na treoracha nó an fhaisnéis sábháilteachta sin, soláthróidh an monaróir don úsáideoir deiridh iad, saor in aisce, laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.';';

(d) i mír 9, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

'Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil náisiúnta, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an fhearais nó an fheistis leis an Rialachán seo a léiriú ar fáil don údarás sin, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.';

(3) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhlíonadh an fhearais nó an fheistis a léiriú a sholáthar don údarás sin i bhfoirm leictreonach;';

(4) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 2, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Áiritheoidh siad go mbeidh an doiciméadacht theicniúil tarraingthe suas ag an monaróir, go mbeidh marcáil chomhréireachta ar an bhfeisteas agus go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisin-inléite, trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE agus go mbeidh *inter alia*, treoracha maidir le corprú nó cóimeáil, coigeartú, oibriú agus cothabháil ag gabháil leis i gcomhréir le pointe 1.7 d’Iarscríbhinn I, agus gur chomhlíon an monaróir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6).’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Sonróidh allmhaireoirí ar an bhfearas a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an bhfearas. Beidh na sonraí teagmhála i dteanga is féidir le tomhaltóirí agus le húsáideoirí deiridh eile agus leis na húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca.

Sonróidh allmhaireoirí ar an bhfeisteas a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an bhfeisteas. Beidh na sonraí i dteanga is féidir le monaróirí fearas agus leis na húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca.’;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Áiritheoidh allmhaireoirí go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE ag gabháil leis an bhfeisteas agus go mbeidh, *inter alia*, na treoracha maidir le corprú nó cóimeáil, coigeartú, oibriú agus cothabháil ag gabháil leis i gcomhréir le pointe 1.7 d’Iarscríbhinn I i dteanga is féidir le monaróirí fearas a thuiscint go héasca, teanga arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann.’;

(d) i mír 9, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht fearais nó feistis a léiriú ar fáil don údarás sin, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.’;

(5) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Sula gcuirfear feisteas ar fáil ar an margadh, fioróidh dáileoirí go mbeidh marcáil CE ar an bhfeisteas agus go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisin-inléite, trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE agus go mbeidh treoracha agus faisnéis sábháilteachta agus, *inter alia*, treoracha maidir le corprú nó cóimeáil, coigeartú, oibriú agus cothabháil ag gabháil leis i gcomhréir le pointe 1.7 d’Iarscríbhinn I, i dteanga is féidir le monaróirí fearas a thuiscint go héasca, de réir mar a chinnfidh an Ballstát lena mbainfidh, agus gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6) agus in Airteagal 9(3) faoi seach.’;

(6) i mír 5, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh dáileoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht fearais nó feistis a léiriú ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach.’;

(7) cuirtear isteach Airteagal 13a seo a leanas:

‘Airteagal 13a

Sonraíochtaí Coiteanna

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh lena gcumasófar comhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn I in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nach gcumhdaítear na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(b) go gcumhdaítear na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I leis na caighdeáin chomhchuibhithe, nó le codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach go bhfágann cur i bhfeidhm na gcaighdeán sin nó codanna díobh nach gcomhlíonann fearais agus feistis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II, nó

(c) i gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá aghaidh a thabhairt ar ábhar imní práinneach maidir le fochórais agus comhpháirteanna sábháilteachta neamhchomhlíontacha.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 42(2).

2. Glacfar leis go bhfuil fearais agus feistis atá i gcomhréir le sonraíochtaí coiteanna nó le codanna díobh i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a chumhdaítear leis na sonraíochtaí sin nó le codanna díobh, a leagtar amach in Iarscríbhinn I.’;

(8) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar taifid agus comhfhreagras a bhaineann le measúnú comhréireachta fearais nó feistis a tharraingt suas, i bhfoirm leictreonach, i dteanga oifigiúil an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht faoina dtugtar fógra a dhéanann na nósanna imeachta, dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3, bunaithe nó i dteanga a nglacann an comhlacht sin léi.’;

(b) cuirtear isteach an mhír 5 seo a leanas:

‘5. Déanfaidh an monaróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhaineann le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a sholáthar i bhfoirm leictreonach don chomhlacht faoina dtugtar fógra a dhéanann an nós imeachta um measúnú comhréireachta.’;

(9) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Beidh an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE ag gabháil leis an bhfeisteas.’;

(b) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

‘7. I gcás ina gceanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le fearas nó feisteas an fhaisnéis go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht sin a áireamh i bpas táirge digiteach nó an dearbhú comhréireachta AE nó treoracha a uaslódáil i bpas táirge digiteach, ní dhéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear le hIarscríbhinn II a áireamh sa dearbhú comhréireachta AE ná na treoracha dá dtagraítear in Airteagal 7(7) a sholáthar ach amháin sa phas táirge digiteach sin.’;

(10) in Airteagal 23(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais fhíor-riachtanacha sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna is infheidhme agus ar fhorálacha ábhartha eile de reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais agus den reachtaíocht náisiúnta;

(11) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás ina bhfionnann comhlacht faoina dtugtar fógra nach bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó i gcaighdeáin chomhchuibhithe chomhfhreagracha nó i sonraíochtaí teicniúla eile comhlíonta ag monaróir, ceanglóidh sé ar an monaróir sin bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus ní eiseoidh sé deimhniú ná cinneadh maidir le ceadú.’

(12) in Airteagal 40(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) níl an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE ag gabháil leis an bhfeisteas;’;

(13) Leasaítear Iarscríbhinní III agus V i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1230

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/1230 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear isteach an pointe (22a) seo a leanas:

‘(22a) ciallaíonn ‘sonraí teagmhála digiteacha’ aon bhealach cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir dul i dteagmháil nó i rannpháirtíocht le hoibreoirí eacnamaíocha nó iad a bheith rannpháirteach gan gá le clárú nó le feidhmchlár a íoslódáil;’;

(2) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás inar léiríodh leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta go gcomhlíonann innealra nó táirge gaolmhar na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar síos in Iarscríbhinn III, dréachtóidh monaróirí dearbhú comhréireachta AE, i bhformáid dhigiteach, i gcomhréir le hAirteagal 21 agus greamóidh siad an mharcáil chomhréireachta de i gcomhréir le hAirteagal 24.’;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh monaróirí go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE a leagtar amach i gCuid A d’Iarscríbhinn V ag gabháil leis an innealra nó leis an táirge gaolmhar.’;

(c) i mír 10, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an innealra nó an táirge ghaolmhair leis an Rialachán seo a léiriú ar fáil don údarás sin, i bhformáid dhigiteach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.’;

(3) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás inar léiríodh go gcomhlíonann an t-innealra páirtchríochnaithe na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ábhartha a leagtar síos in Iarscríbhinn III sa doiciméadacht theicniúil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, Cuid B, tarraingeoidh monaróirí suas dearbhú corpraithe AE, i bhformáid dhigiteach, i gcomhréir le hAirteagal 22.’;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh monaróirí go mbeidh an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil an dearbhú corpraithe AE a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn V ag gabháil leis an innealra páirtchríochnaithe.’;

(c) i mír 10, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an innealra páirtchríochnaithe leis an Rialachán seo a léiriú, i bhformáid dhigiteach, ar fáil don údarás sin, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.’;

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an táirge a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a léiriú a chur ar fáil don údarás sin, i bhformáid dhigiteach;’;

(5) in Airteagal 13(9), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, déanfaidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun a léiriú go bhfuil an t-innealra nó na táirgí gaolmhara i gcomhréir leis an Rialachán seo a sholáthar don údarás sin, i bhformáid dhigiteach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.’;

(6) in Airteagal 14(8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, déanfaidh allmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun a léiriú go bhfuil an t-innealra páirtchríochnaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo a sholáthar don údarás sin, i bhformáid dhigiteach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.’;

(7) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tá an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 10(8) ag gabháil leis an innealra nó leis an táirge gaolmhar;’;

(b) i mír 6, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, cuirfidh dáileoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an innealra nó an táirge ghaolmhair leis an Rialachán seo a léiriú ar fáil don údarás sin, i bhformáid dhigiteach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.’;

(8) in Airteagal 16(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, déanfaidh dáileoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun a léiriú go bhfuil an t-innealra páirtchríochnaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo a sholáthar don údarás sin, i bhformáid dhigiteach.’;

(9) in Airteagal 21, cuirtear mír 5 seo a leanas leis:

‘5. I gcás ina gceanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hinnealra nó táirgí gaolmhara an fhaisnéis go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht sin a áireamh i bpas táirge digiteach nó an dearbhú comhréireachta AE nó treoracha a uaslódáil i bpas táirge digiteach, ní dhéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear le Codanna A d’Iarscríbhinn V a áireamh sa dearbhú comhréireachta AE ná na treoracha dá dtagraítear in Airteagal 10(7) a sholáthar ach amháin sa phas táirge digiteach sin.’;

(10) in Airteagal 22, cuirtear mír 5 seo a leanas leis:

‘5. I gcás ina gceanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch le reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hinnealra nó táirgí gaolmhara an fhaisnéis go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht sin a áireamh i bpas táirge digiteach nó sa dearbhú corpraithe AE nó treoracha a uaslódáil i bpas táirge digiteach, ní dhéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear le Codanna B d’Iarscríbhinn V a áireamh sa dearbhú corpraithe AE ná na treoracha dá dtagraítear in Airteagal 11(7) a sholáthar ach amháin sa phas táirge digiteach sin.’;

(11) in Airteagal 25, cuirtear mír 6 seo a leanas leis:

‘6. I gcás inarb infheidhme, déanfaidh an monaróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhaineann le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a sholáthar i bhformáid dhigiteach don chomhlacht faoina dtugtar fógra a dhéanann an nós imeachta um measúnú comhréireachta.’;

(12) Leasaítear Iarscríbhinní III, V, VII, IX agus X i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 6

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1542

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear isteach an pointe (23a) seo a leanas:

‘(23a) ciallaíonn ‘sonraí teagmhála digiteacha’ aon bhealach cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir dul i dteagmháil nó i rannpháirtíocht le hoibreoirí eacnamaíocha nó iad a bheith rannpháirteach gan gá le clárú nó le feidhmchlár a íoslódáil;’;

(2) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Tarraingeofar suas taifid agus comhfhreagras a bhaineann leis na nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta ar cheallraí, i bhfoirm leictreonach, i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht faoina dtugtar fógra a chomhlíonann na nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta bunaithe, nó i dteanga amháin nó níos mó lena nglacann an comhlacht sin.’;

(b) cuirtear isteach an mhír 5 seo a leanas:

‘5. Déanfaidh an monaróir an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhaineann le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a sholáthar i bhfoirm leictreonach don chomhlacht faoina dtugtar fógra a dhéanann an nós imeachta um measúnú comhréireachta.’;

(3) in Airteagal 18(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú abairt:

‘Déanfar é a tharraingt suas i bhfoirm leictreonach.’;

(4) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Agus ceallra á chur ar an margadh nó á chur i seirbhís acu, lena n-áirítear chun críocha an mhonaróra féin, áiritheoidh monaróirí maidir leis an gceallra:

(a) gur dearadh agus gur monaraíodh é i gcomhréir le hAirteagail 6 go 10 agus Airteagail 12 agus 14, agus go bhfuil, le haghaidh córais stórála fuinnimh i gceallraí suite, treoracha agus faisnéis sábháilteachta atá soiléir, intuigthe agus inléite ag gabháil leis i dteanga nó i dteangacha is féidir le húsáideoirí deiridh a thuiscint go héasca, de réir mar a chinneann an Ballstát ina bhfuil an ceallra le cur ar an margadh nó le cur i seirbhís; agus

(b) go marcáiltear agus go lipéadaítear é i gcomhréir le hAirteagal 13.

Féadfar na treoracha agus an fhaisnéis sábháilteachta le haghaidh córais stórála fuinnimh i gceallraí suite a sholáthar i bhfoirm leictreonach. I gcás córais stórála fuinnimh i gceallraí suite atá ceaptha le haghaidh tomhaltóirí nó ar féidir le tomhaltóirí iad a úsáid, faoi dhálaí atá measartha intuartha, fiú mura bhfuil siad ceaptha lena n-aghaidh, soláthróidh an monaróir an fhaisnéis sábháilteachta i bhformáid pháipéir.

I gcás ina soláthrófar na treoracha i bhfoirm leictreonach, marcálfaidh an monaróir ar an gceallra, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis, go bhfuil siad inrochtana sa phas ceallra agus conas iad a iarraidh i bhformáid pháipéir.

Féadfaidh an t-úsáideoir deiridh, tráth a cheannaítear na córais stórála fuinnimh i gceallraí suite, nó suas le 6 mhí tar éis an cheannaigh sin, na treoracha nó an fhaisnéis sábháilteachta a iarraidh i bhformáid pháipéir. I gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir deiridh na treoracha nó an fhaisnéis sábháilteachta sin, soláthróidh an monaróir don úsáideoir deiridh iad, saor in aisce, laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.’;

(b) i mír 7, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Sonróidh monaróirí ar an gceallra a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha, lena sonrófar pointe teagmhála aonair.’;

(c) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i bhfoirm leictreonach.’;

(5) in Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin, i bhfoirm leictreonach, saor in aisce.’;

(6) in Airteagal 40(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an cheallra a léiriú a chur ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach;’

(7) Leasaítear Airteagal 41 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Sonróidh allmhaireoirí ar an gceallra a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe chomh maith lena seoladh poist agus a sonraí teagmhála digiteacha, lena sonrófar pointe teagmhála aonair.’;

(b) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i bhfoirm leictreonach.’;

(8) in Airteagal 42(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i bhfoirm leictreonach.’;

(9) Leasaítear Iarscríbhinní VIII, IX agus XIII i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1781

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/1781 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach an pointe (46a) seo a leanas:

‘(46a) ciallaíonn ‘sonraí teagmhála digiteacha’ aon bhealach cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir dul i dteagmháil nó i rannpháirtíocht le hoibreoirí eacnamaíocha gan gá le clárú nó le feidhmchlár a íoslódáil;’;

(2) in Airteagal 24(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar faisnéis agus doiciméadacht den sórt sin i bhfoirm leictreonach, laistigh de 30 lá ón iarraidh a fháil.’;

(3) in Airteagal 27(10), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i bhfoirm leictreonach, a luaithe agus is féidir agus in aon chás laistigh de 15 lá ón uair a fhaigheann an t-údarás sin iarraidh.’;

(4) in Airteagal 28(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht táirge a léiriú a chur ar fáil don údarás sin, i bhfoirm leictreonach, i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca a luaithe agus is féidir agus in aon chás laistigh de 15 lá tar éis an iarraidh sin a fháil; agus’;

(5) in Airteagal 29(8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i bhfoirm leictreonach, a luaithe agus is féidir agus in aon chás laistigh de 15 lá ón uair a fhaigheann an t-údarás sin iarraidh.’;

(6) in Airteagal 30(5), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i bhfoirm leictreonach, laistigh de 15 lá ón uair a fhaigheann an t-údarás sin iarraidh.’;

(7) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha ionadaí údaraithe an mhonaróra.’.

Airteagal 8

Forálacha idirthréimhseacha

Ní chuirfidh na Ballstáit bac ar tháirgí a chur ar fáil ar an margadh, ar táirgí iad a cuireadh ar an margadh i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1781 roimh an [Oifig na bhFoilseachán: *cuir isteach dáta 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*)]:

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 5 agus Iarscríbhinn IV ón 20 Eanáir 2027.

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón [Oifig na bhFoilseachán: *cuir isteach dáta 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*]:

(a) Airteagal 2, pointe(1)(a), pointe (2)(a), (c), (d) agus (e), agus pointí (3), (4), (5), (7), (8) agus (11);

(b) Airteagal 3, pointe (1)(a), pointe (2)(a), (c), (d) agus (e), agus pointí (3), (4), (5), (7) agus (8);

(c) Airteagal 4, pointe (1)(a), pointí (2)(a), (c) agus (d), agus pointí (3), (4), (5), (6), (8), (9) agus (12);

(d) Airteagail 6 agus 7;

(e) Iarscríbhinn I, pointe (1)(a) agus (c), pointe (2)(a), pointe (3)(a), pointe (4)(a), pointe (5)(a), (d) agus (e), agus pointe (7)(a);

(f) Iarscríbhinn II, pointe (1)(a), pointe (3)(a), (c)(i) agus (d)(i), pointe (4)(a), pointe (5)(a) agus pointe (6)(a);

(g) Iarscríbhinn III, pointe (1)(a)(i), (c), (e) agus (g) agus pointe (2)(a);

(h) Iarscríbhinn V.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 3

1.3. Cuspóirí 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 25
